



Aonad 8

Scripteanna

Aonad 8 Mír físe 1

Gráinne Ní Ghilín

Thoisigh mé ag foghlaim na Gaeilge i mBéal Feirste nuair a bhí mé dhá bhliain déag d'aois agus sin an bhliain a thoisigh mé ag dul chun na Gaeltachta ar chúrsaí samhraidh.

D'fhreastail mé ar Choláiste Mhuire i Loch an Lúir agus d'fhreastail mé ar Choláiste Gael Linn i Machaire Rabhartaigh. So, dhá cheantar Gaeltachta i nDún na nGall. Agus is dóigh liom go raibh an Ghaeltacht mar sórt *Shangri-La* ann nó 'Tír na nÓg'. Bhíodh na múinteoirí ag rá linn go labhrann achan uile dhuine sa Ghaeltacht Gaeilge an t-am ar fad agus go bhfuil focal Gaeilge ar achan uile rud agus bhí sórt faitís orm chomh maith, ag dul siar domh, mar bhí mé buartha nach mbeinn ábalta go leor Gaeilge a labhairt, nach mbeinn ábalta í a thuiscint.

Agus de réir mar a chuaigh na blianta thart agus de réir mar a chaith mé níos mó ama sa Ghaeltacht – mar shampla, chuaigh mé a chónaí i gConamara – tuigeadh dom nach labhrann achan duine sa Ghaeltacht oifigiúil an Ghaeilge an t-am ar fad agus nach bhfuil focal Gaeilge ann ar achan uile rud agus go raibh na múinteoirí, b'fhéidir, ag insint bréag dúinn. Ach tá an scéal i bhfad níos casta agus, ar ndóigh, tá réimse acadúlachta ann – daoine ag déanamh staidéir ar theangacha agus gluaiseachtaí taobh istigh de theangacha agus socheacnamaíocht agus a leithéidí sin. Agus go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta, eisimirce, easpa fostaíochta, go bhfuil na ceisteanna seo uilig ag dul i bhfeidhm ar na háiteanna ina labhartar Gaeilge agus go bhfuil bánú á dhéanamh ar go leor de na háiteanna sin. Ar bhealach, go bhfuil an teanga.... deirtear go bhfuil líon na gcainteoirí ag dul i laghad ach, dar liom, tá mionlú a dhéanamh ar an teanga fosta mar gheall ar pholasaithe rialtais agus, dá mbeadh níos mó tacaíochta ar fáil, go mbeadh na Gaeltachtaí i bhfad níos láidre ná mar atá.

Aonad 8 Mír físe 2

Gráinne Ní Ghilín

So, chaith mise achan samhradh de mo chuid scolaíochta i Loch an Lúir agus bhí muid ag stopadh le teaghlaigh agus bhí páistí, daoine óga dár n-aois féin, sna tithe sin. Ach is dóigh liom go raibh d'fómá orm nach raibh an oiread sin deiseanna againn a bheith ag caint leofa agus nuair a bhí deis againn a bheith ag caint leofa, gur thiontaigh muid ar an Bhéarla mar nach raibh muid líofa – nach raibh muidne, na cuairteoirí, líofa go leor le bheith ag caint fá chúrsaí ceoil nó cibé rud a raibh suim againn ann ag an am sin.

So, is dóigh liom nach bhfuair muid deis i ndáiríre a bheith ag foghlaim na teanga a bhíonn an mhuintir óga ag labhairt agus go raibh muid ag brath ar mhúinteoirí i ndáiríre. Ach rud maith faoi a bheith ag stopadh i dteach agus tú ag freastal ar chúrsa sna coláistí samhraidh gur fhoghlaim tú rud beag de theanga an tí, go háirithe rudaí a bhíonn ar siúl sa chistin, nuair a bhíodh an tábla á chóiriú agus bia á chur amach. Bhíodh comhráití deasa, nádúrtha ag dul ar aghaidh idir bean an tí agus muidne. So, bhí deiseanna maithe foghlama sna cásanna sin.

Anna Ní Bhroin

Tá coláiste samhraidh i Machaire Rabhartaigh, coláiste de chuid Gael Linn, agus tagann páistí óga, déagóirí as achan uile chearn den tír ann i rith an tsamhraidh. Thig an chéad bhaicle, b'fhéidir go bhfuil trí chúrsa ann, trí chúrsa trí seachtainí.¹ Tagann an chéad bhaicle scoláirí am inteacht tús... mí an Mheithimh agus tá cuimhne agam nuair a bhí muid beag agus muid ag tarraingt ar na céilithe, bhí sin, bhí sin mar chuid iontach lárnach dár saol sóisialta. Is ann a fuair muid aithne ar dhaoine as ceantracha² eile agus sin uilig.

Ach nuair a bhí mé sé bliana déag d'aois agus mo Mheánteist déanta agam, dúirt mo mháthair liom go raibh sé, an t-am agam a dhul amach agus jab a fháil, nach raibh i mo luí ar an tráigh agus ag gabháil thart i ndiaidh scoláirí Gaeilge, nach raibh sin maith go leor, go gcaithfinn cúpla punt a shaothrú. Fuair mé mo chéad phost i dteach a raibh lucht na Gaeilge ag stopadh ann. Fuair mé mo chéad phost i dteach, an áit a raibh, b'fhéidir, suas le duisín³ scoláirí Gaeilge ag stopadh ann. Ann agus Antóin Ó Colla, Machaire Rabhartaigh, agus bhí lán tí ansin agus bhí lámh chuidithe a dhíobháil⁴ ar Ann agus bhí mise ansin ag cuidiú léithe.

Obair chruaidh. Béiltí le cur ar an tábla trí agus ceithre huaire sa lá. So, i do shuí luath ar maidin agus go dtí am dinnéara *but* bheadh cúpla uair saor ansin agat go dtí an tráthnóna agus ansin bheifeá ansin tráthnóna aríst ag tabhairt lámh chuidithe nuair a bheadh suipéar le cur ar an tábla. Ach bhí sé deas, mar bhí muid ag dul chuig na céilithe agus bhí muid ina gcuideachta ansin agus, dar ndóigh, stócaigh uilig a bhí ag stopadh sa teach ag Ann agus chuirfeá aithne ar leith ar na stócaigh agus na girseachaí a bhí ag teacht le Gaeilge a fhoghlaim. Agus thuig muid, is dócha, ó aois an-óg go raibh rud inteacht againne a raibh tóir ag déagóirí eile air agus sin cuid den fhoghlaim a fuair mé féin nuair a bhí mé i measc na ndaoine a bhí ag iarraidh a bheith ag foghlaim an teanga seo. Agus tá mé ag iarraidh an rud céanna a thabhairt do mo chuid páistí féin agus sin ceann de na cúiseanna a bhfuil muid inár gcónaí an áit a bhfuil muid faoi láthair.

- 1 ...*trí seachtainí*... 'Trí seachtaine' atá sa Chaighdeán Oifigiúil. Cluintear an dá leagan i nGaeilge Uladh.
- 2 ...*ceantracha*... Leagan Ultach den fhoirm iolra 'ceantair'.
- 3 ...*duisín*... Leagan Ultach den fhocal 'dosaen'.
- 4 ...*a dhíobháil*... Is minic a dhéantar 'a' den réamhfhocal 'de' i bhfrásaí mar 'de dhíth' agus 'de dhíobháil'. Is é rud go séimhítear an réamhfhocal ('dhe'), sa dóigh is gur fuaim lag a chluintear.

Aonad 8 Comhad fuaime 1

- 1 Lár a' bhaile
- 2 Le breacadh a' lae.
- 3 Tá aithne agam ar an fhear sin.
- 4 Ní raibh sí riamh ar an fharraige lá garbh.
- 5 'Antain, goitse anall anseo.
- 6 Caithfidh siad ceachtanna 'fháil.
- 7 Tá mé a' déanamh go mbeidh siad mall.
- 8 Tá mé go maith ag éirí ar maidin.
- 9 Tá sé a' cur faoi in Albain.
- 10 Nach le Sorcha an leabhar sin?

Aonad 8 Comhad fuaime 2

- 1 Cad chuige gur mise a chaithfidh na deochanna 'cheannacht'?
- 2 Tá an babaí úr galánta – tá sí cosúil leis a' dream.
- 3 Sheas siad ansin ag amharc uathu.
- 4 Ní fiú duit a bheith a' plásaíocht liom!
- 5 Caithfidh mé duine inteacht a fháil leis an fhéar a ghearradh.
- 6 Déanaim dearmad dá hainm.
- 7 Sin an fhadhb leis a' chóras úr – tá sé róchasta.
- 8 'Aoife, cuir scairt orm chomh luath géar is a thig leat.
- 9 Tá siad a' teacht isteach ar an obair de réir a chéile.
- 10 Tá Bríd ina cónaí i mBaile a' Droichid anois.